An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96

Gaeltacht Education Unit
Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1
D01 RC96

Nollaig 2017

Treoir bhreise ón Aonad um Oideachas Gaeltachta do scoileanna atá ag obair ar na pleananna gníomhaíochta don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Spriocdháta:
Is é an spriocdháta chun na pleananna gníomhaíochta a bheith istigh ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta ná **31 Eanáir 2018.**

Moltar do scoileanna a bheith airdeallach faoi na nithe seo a leanas:

- Tréimhse ama an phlean gníomhaíochta a aithint go soiléir
- Comhthéacs na scoile mar atá sé faoi láthair i leith an tumoideachais a rianú sa phlean
- Spriocanna soiléir agus indéanta a leagan amach maidir le:
    - Foghlaim
    - Teagasc
    - Úsáid na Gaeilge
- Na mionspriocanna a bheith ceangailte leis na critéir teanga **agus** an tréimhse ama a thógfaidh sé gach sprioc a bhaint amach a shoiléiriú sa phlean

B'fhiú aird ar leith a dhíriú freisin ar an *Nóta Treorach do Scoileanna - Cuairteanna Comhairleacha na gCigirí ar Scoileanna: 2017/18*

Ceisteanna don scoil féin:

- An bhfuil an scoil sásta go bhfuil na spriocanna agus na gníomhartha sa phlean soiléir, sonrach, intomhaiste agus réalaíoch?
- An bhfuil sé soiléir do gach ball den fhoireann scoile céard iad na céimeanna atá le déanamh acu chun ardcháilíocht foghlama agus teagaisc trí Ghaeilge a bhaint amach?
- An bhfuil sé soiléir cathain a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar an bplean?

Imlitir 0033/2017 & Imlitir 0034/2017:
*"Leagfar amach i bplean gníomhaíochta feabhsúcháin an chaoi ina bhfuil sé ar intinn ag an mbunscoil /iar-bhunscoil i limistéar pleanála teanga Gaeltachta na critéir theanga-bhunaithe uile sa tábla thíos a chomhlíonadh, **ar bhonn céimnithe**, le linn tréimhse chúig bliana an Pholasaí."*